Ní taobhtha dhamhsa riom féin

[Tomás Ó Rathile: *Dánta Grádha*,  no. 46]

1 Ní taobhtha dhamhsa riom féin,
ní mise mé i gcáil san mbioth;
go bhfionna mé créad ar gcor
ní mholaim d'aon dol ar m'iocht.

2 Creideadh nó ná creideadh cách,
go dtí an bráth ní chreidfe mé
nár chaith mise treall i n-uaigh, -
foirceadal uaim oram féin.

3 Ní fhidir mé - gá dtám ris? -
an mé an t-anam tig anall,
an beó mé nó an bhfuaras bás,
nó an mise féin a-tá ann.

4 Bheith don tsaoghal ar mo bhreith
cuma nó bheith ar an déirc;
ní háil liom beatha ná bás,
ogal duine mar tá mé.

5 Uch, fa-ríor! dá gcluineadh cách
(ró sonais ní gnáth gan tnúth)
an chúis fá bhfuilim i bpéin,
d'fhóirfeadh sinne dá mbéim súl.

6 Fada ó tháinic ceann mo ré;
ní duine mé ren cóir súil;
coraidh linn, fuarsam ar gcead,
tug an saoghal a sheal dúinn.

7 Gé atáim-se gan dul ón mbás
im spioraid mhairbh, lán do phéin,
ní shaoilim neach ós mo chionn;
ní bhfuil mo thnúth acht liom féin.

8 Aon do chéad thuigeas mar tám;
bheith im ghalar ní gnáth leó;
do choideóladh sé ar mo chneidh
gibé adéaradh mo bheith beó.

9 An bhean-sa rom-chuir i sníomh,
d'fhéadfadh Críost a theacht go maith;
fearr fá mhaitheamh anma an bás,
teist an domhain ó chách air.

10 Eadamar ní bhfuighe an bocht
an phian a-bhos agus tall;
beannacht dise do mharbh mé,
is í sin an déirc ’na ham.

11 Nách deachaidh mé d’éag ’na thráth,
dá saoileadh cách go leamh é,
ní fhuil acht sgéal bun-os-cionn;
ní taobhtha dhamhsa riom féin.